Ḃfuilṫear ag sleaṁnú ón Gaeilge

(Ar lean. ó leat. 1)

i Fann na Feirste, agus in áiteaċa eile i nDún na nGall, i gConamara agus síos go Ciarraí.

An Dr. Ó hIrġile — Naċ ḃfuil mé ag déanaṁ trioblóide go leor dom féin gan an Teaċta a ḃeiṫ ag déanaṁ níos mó dom. Níor ḋúirt mé é sin.

P. Ó Doṁnaill — Sé an tAire an duine deireannaċ ar ṁaiṫ liom trioblóid a ḋéanaṁ dó, aċ ċuir sé ag gáirí mé nuair a ċuala mé é ar an telefís, go mbeiḋ an teanga Ġaeilge ar láiṁ sábála nuair a ḃéas an saoṫarlann seo faoi lán tseoil. Sin rud naċ ḃfuil mise sásta de.

Dúirt Pádraic Ó Doṁnaill go raiḃ rialtas na Sé-gConndaeṫa ag soláṫar cúig oiread scoláireaċta agus a ḃí an Poblaċt. Cé méid scoláireaċta a d'fiafraiġ sé, a d'féadfaí a ċur ar fáil fá ċoinne an £5,600 a tugaḋ ar an "large silver two - handled bowl" a ceannaíoḋ don Museum Náisiúnta ar £5,600. Scoláireaċtaí a d'féadfaí a ṫaḃairt do na daoine boċta ina ċeantar féin naċ raiḃ eolas acu ar "bowl" ar biṫ aċ aṁáin an "bowl" fá ċoinne braċáin.

Seán Ó Duinn — Ḃfuil rudaí ċoṁ h-olc sin síos ansin?

Pádraic Ó Doṁnaill — Nuair atá muid uilig ag caint fá ġanntanas airgid do scoláireaċtaí, tá tú ag iarraiḋ orainn £5,600 a ṫaḃairt fá ċoinne boṁla airgid.

Ċeistniġ an tUasal Ó Doṁnaill fosta, faoi an ardú £25,000 do U.C.D., £23,000 do U.C.C., £24,000 do U.C.G., agus £78,000 do Ċoláiste na Tríonóide agus £100,000 don Dental Hospital.

Seán Ó Treasaiġ

Ag labairt i nGaeilge dó, dúirt Seán Ó Treasaiġ, T.D.: 'Molaim an meastaċán forlíonta seo agus is ceart dom cúpla focal a rá inár dteanga dúċais. "Is cúis ionaḋ dúinn nár labair an tAire as Gaeilge ar an ócáid seo, mar tá dualgas orainn go léir ár ndíċeall a ḋéanaṁ ċun an teanga do aṫḃeoċaint agus í a labairt gaċ uair is féidir, agus cultúr na nGael a ċur san áit is dual dó, i saol an náisiúin. Go mór mór, tá dualgas ar an Teaċ agus ar an Roinn Oideaċais, úsáid do ḃaint as an Ġaeilge gaċ uair is féidir i nDáil Éireann."

Níor ċoṁarṫa ró ṁaiṫ don aṫḃeoċaint, do lean an tUasal Ó Treasaiġ, muna labairtí Gaeilge ar an meastaċán Oideaċais, a ḃí de ġnáṫ, ceangailte in intinn na ndaoine leis an aṫḃeoċaint.

Ag labairt i nGaeilge ar fad, dúirt Seán Ó Ceallaiġ, T.D., gur léir nár ṫuig an Teaċta Ó Doṁnaill ,brí na h-oibre i Rinn Ṁic Gormáin, ná an cuspóir atá taoḃ ṫiar de. Níor ḋúirt an tAire, nuair a ḃí sé ag labairt ar an dtelefís go raiḃ sé de ċuspóir aige féin, nó ag an Roinn Oideaċais, deireaḋ a ċur le Gaeilge na Gaeltaċta, mar adúirt an Teaċta Ó Doṁnaill. Dá dtugaḋ an Teaċta Ó Doṁnaill, cuairt ar Ċoláiste Rinn Ṁic Gormáin, ċífeaḋ sé an saoṫar mór atá ar siúl ann, agus déarfinn go mbeaḋ a ṁalairt do ṫuairim aige.

Dúirt an tAire gur caiṫeaḋ breis airgid le ceiṫre nó cúig bliana anuas ar na Cúrsaí Gaeilge a ḃíonn ar siúl gaċ samraḋ ins na Coláistí Gaeilge. Tá dá nó trí Coláistí Gaeilge i dTír-Ċonaill, tá siad i gCiarraí, i nGaillim, i gCo. an Ċláir, in Árainn agus in áiteaċa eile. Agus is aoiḃinn liom a ċloisint go ḃfuilṫear ag caiṫeaṁ breis airgid ar na cúrsaí iontu. Ní Gaeilge Rinn Ṁic Gormáin a ṁúintear ins na Coláistí céanna, aċ Gaeilge na Gaeltaċta. Is aoiḃinn liom a rá go dtéann micléinn go dtí na Coláistí insan Ġaeltaċt, agus ón ḃaint a ḃíonn agam leo, is féidir liom a rá go mbeireann na daoine óga roinnt ṁaiṫ Gaeilge abaile leo. B'fearr i ḃfad, adúirt an Teaċta Ó Ceallaiġ, léirṁeas a ḋéanaṁ ar ṁeastaċán ós coṁair an tí, ná léirscrios a ḋéanaṁ air, agus ba ċeart a ḃeiṫ cruinn beaċt agus macánta insan léirṁeas, agus gan a ḃeiṫ ag scigireaċt faoi an méid airgid a ċaiṫeaṁ ar ċorn ársa airgid a fuarṫas son Iarsmalann anseo láiṁ linn. Ḃí sé lán tsásta, adúirt sé, leis an ḃfó meastaċán agus an méid a ḃí dá lorg ag an Aire. Ní raiḃ sé ċun é ċáineaḋ toisc nár labair sé Gaeilge nuair a ḃí sé dá ṫaḃairt isteaċ aige. Ḃí fios aige go raiḃ spéis ag an Aire sa Ġaeilge agus go raiḃ sé dílis don Ġaeilge.

Ag leanúint, dúirt an Teaċta Ó Ceallaiġ — Is breá an rud ar fad taḃairt faoi ḋuine toisc naċ labrann sé Gaeilge. Ní ḋéanfaiḋ mise aṁlaiḋ. "Tá fios agam go ḃfuil gá leis an dá ṫeanga." Is suaraċ an rud é go mbeití ag taḃairt faoi ḋuine ar biṫ toisc nár labair sé abairín beag Gaeilge i dtosaċ an ṁeastaċáin, agus Béarla breá léanta do radaċ ċugainn ina ḋiaiḋ sin."

Pádraic Ó Doṁnaill—Is cuiṁin liomsa tráṫ nuair a ḃí Gaeltaċt i gConndae an Ċláir. Cár imiġ an Ġaeltaċt sin?

Seán Ó Ceallaiġ—Tá sí ann fós.

Pádraic Ó Doṁnaill — Cá ḃfuil sí?

Seán Ó Ceallaiġ — Cé ċuir deireaḋ léi agus conus a cuireaḋ deireaḋ léi? Tá an scéal sin le léaṁ i dtuarascáil an Tí seo. Duine de ṁuintir Ḟine Gael a ḃí mar Aire ar Roinn an Oideaċais an tráṫ úd. Ḋein sé scrios ar an nGaeltaċt sin. Tá an scéal sin le léaṁ. Téiġ go dtí an Leabarlann. Tá fios agam an fáṫ a ḃí leis, agus fáṫ beag suaraċ ab ea é, toisc go raiḃ an Clár dílis, ní aṁáin don Ġaeilge, ní aṁáin do ṡaoirse na tíre, aċ don Taoiseaċ a ḃí againn.

Pádraic Ó Doṁnaill—Cé'n áit a ḃfuil an Ġaeltaċt ann?

Seán Ó Ceallaiġ—Tá Gaeilgeoirí ann.

Pádraic Ó Doṁnaill—Cé'n áit a ḃfuil an Ġaeltaċt?

An Dr. Ó hIrġile — Ċuir sibse deireaḋ leis an nGaeltaċt ann.

Seán Ó Ceallaiġ — Léiġ na tuairiscí agus déan staidéar ar an léarscáil. Tar liom go Co. an Ċláir. Caiṫ tamall ann agus geallaim-se go ḃfeicfiḋ tú go ḃfuil daoine ann a d'féadfaḋ tú a dallaḋ le Gaeilge, rud nár ró ḋeacair a ḋéanaṁ.

I nGaeilge a ṫosnaiġ Seán Ó Duinn mar seo — Is breá an rud glórṫa na nGael a ċloisint, mar a ċualamar cúpla noiméid ó ṡin. Tá brón orm naċ ḃfuil mo ḋóṫain Gaeilge agam ċun óráid a ḋéanaṁ cosúil leis an óráid a ṫug an Teaċta Ó Ceallaiġ uaiḋ.

Pádraic Ó Doṁnaill — Tá an Teaċta ag déanaṁ go han ṁaiṫ.

Seán Ó Duinn — Déanfaiḋ mé mo ḋíċeall. Ar an ábar sin ba ṁaiṫ liom an méid seo a rá. Tá a fios agam go ḃfuil Gaeilge ag an Aire. Tá fios agam go ḃfuil sé ar ṫaoḃ na h-aṫḃeoċána agus rudaí den tsaġas sin, aċ ní leor sin. Tá gá le níos mó ná sin. Caiṫfiḋ an tAire, ní aṁáin a ḃeiṫ ar ṫaoḃ na haṫḃeoċána, aċ caiṫfiḋ sé taispeáint go ḃfuil sé ar ṫaoḃ na h-aṫḃeoċána, mar adúirt an Teaċta Ó Treasaiġ.

Ag leanúint i mBéarla, dúirt sé naċ raiḃ caoi ró ṁaiṫ aige ina óige an teanga do ḟoġlaim. Aċ, ḋein sé coṁġáirdeaċas leis an Teaċta Ó Ceallaiġ as Clár ar an óráid líofa a rinne sé. Níor ṫuig sé ar fad é, aċ ba aoiḃinn leis an teanga a ċloisint dá labairt ċoṁ líofa sin.

I nGaeilge ar fad a labair an Dr. Ó hIrġile, ag taḃairt freagra ar an díospóireaċt:

Ba ṁaiṫ liom a ċur in iúl naċ raiḃ culú ar ċeist na Gaeilge ar feaḋ na gcúig bliana atá imiṫe. Tá taoḃ eile leis an gceist seo. Ḃí sé de nós ag gaċ Aire Oideaċais a ċuaiġ róṁam, meastaċáin forlíonta na Roinne a ṫaḃairt isteaċ i mBéarla, aċ nuair a ḃí an gnáṫ meastaċán dá ṫaḃairt isteaċ acu, ḃí sé de nós acu leagan Béarla a ċur ar fáil do na Teaċtaí. Ba ṁaiṫ liom a rá arís naċ ḃfuil aon ċúlú ann maidir le ceist na Gaeilge.

Ag tagairt don méid a ḃí le rá ag an Teaċta Ó Doṁnaill, fán ar ḋúirt sé ar telefís, dúirt an tAire: "Ní cuiṁin liom anois cad dúirt mé, aċ tá fios agam nár ḋúirt mé an rud adeir an Teaċta Ó Doṁnaill adúras, faoi an scéim faoi daoine óga a ċur go dtí an Ġaeltaċt. Tá a lán airgid dá iarraiḋ orm ċun páistí a ċur ċuig an Gaeltaċt. Tá scéimeanna eile in aigne, agus scéimeanna ar siúl, ċun daoine a ċur ċuig an Ġaeltaċt." Ag cur síos ar Ċoláiste Iolscoile Ċorcaí don Aire, ċuir an Teaċta Tomás Ó Doṁnaill isteaċ air, fé ḋó, agus ḃí na ceisteanna agus na freagraí ar fad as Gaeilge.

Ba ċinnte naċ cliaḃán a ḃí i Rinn Ṁic Gormáin, adúirt an tAire, aċ fiosrú agus triall atá ar siúl i dtaoḃ na móḋanna nua-aimsire atá le fáil i ngaċ tír ċun teangaċa do ṁúineaḋ. Níl ceist ar biṫ ann gurḃ í an Ġaeilge aṁáin atá dá ṁúineaḋ. Tá Béarla agus teangaċa eile dá múineaḋ ann freisin, aċ tá staidéar dá ḋéanaṁ acu ar an méid de Ġaeilge ba ċóir a ḃeiṫ ag páistí ag fágaint na scoile dóiḃ, ionus go mbeiḋ seans acu úsáid a ḃaint aisti agus deis a ḃeiṫ acu níos mó a ḃailiú do réir a céile agus iad ag fáil taiṫí. Mar adúirt duine liomsa sa Ḃfrainnc. Ní ṁúineann duine an Ḟraincís ina h-iomlán. Ní múintear aċ cuid de. Mar a céile é i gcás na Gaeilge. Níl an teanglann in ionad na Gaeilge, in ionad na múinteoirí ná in ionad aon rud eile. Rud nua-aimsire atá ann agus staidéar atá ar siúl.

Ag críoċnú, dúirt an tAire—"Táim ṫar a ḃeiṫ sásta go raiḃ na Teaċtaí mí-ḟoiġneaċ liom nuair a ṫug mé meastaċán breise seo isteaċ as Béarla. Is ṁaiṫ liom é sin, mar níl ann aċ cúpla bliain ó ṡin ó ṫug mé gnáṫ meastaċán na Roinne isteaċ i nGaeilge, agus ḃí daoine ag béiceaḋ ⁊ dá rá go raiḃ rud éigin dá ṫaḃairt isteaċ i ngan fios do na Teaċtaí. Tá aṫrú tagṫa ar an Dáil ina ṫaoḃ seo agus táim ṫar a ḃeiṫ sásta."

Gearóid Mac Partalain

Níl Gearóid Mac Partalán ag dul ar aġaiḋ mar iarratóir ins na toġċáin arís. Tá sé ag éirí as a ḃeiṫ ina ṫeaċta Dála agus a ḃeiṫ ina Aire. Agus is cúis bróin do Ġaeilgeoirí gaċ áit é sin, agus go h-áiṫrid do Ġaeilgeoirí insan Iarṫar.

Cibé tuairimí poiliticiúla a ḃeaḋ ag duine, agus cuma cé acu ḃeaḋ sé ar ṫaoḃ Fianna Fáil nó ina ċoinniḃ, ḃeaḋ meas aige ar Ġearóid Mac Partálain nó ba Ġaeilgeoir dílis é.

Cinnte go leor, ċreid sé go daingean, agus ṡeas sé go dílis do ṗolasaí Fianna Fáil, aċ fiú aṁáin nuair naċ raiḃ sé inann rud a ḋéanaṁ a ḃí dá iarraiḋ ag Gaeilgeoirí, agus go h-áiṫrid ag Muintir na Gaeltaċta, ḃí sé i gcónaí réiḋ leis an scéal a ṗlé leo.

Le caint agus coṁrá a ḋéanaṁ leo agus le h-insint díoḃ go mín macánta muna dtigeaḋ leis géilleaḋ dá n-iarrataisí.

Sé an taon Aire Gaeltaċta aṁáin é, a ḃféadfaí é sin a rá faoi, go raiḃ sé sásta castail le Muintir na Gaeltaċta, éisteaċt leo, agus míniú díoḃa céard a ḃí ar intinn aige a ḋéanaṁ, agus céard iad na rudaí naċ dtiocfaḋ leis a ḋéanaṁ.

Ceart go leor. nuair a ḃuail sé le Muintir na Gaeltaċta ar na Gleanntaí, agus é ina Aire, níor ċeil sé naċ raiḃ fios aige cé'n fáṫ go raiḃ Roinn na Gaeltaċta ann, nó cad ba ċúram ná ba ċuspóir nó ba ċuṁaċt don Roinn.

Ní dearnaḋ mórán don Ġaeltaċt fad agus ḃí seisean ina Aire aċ oiread agus a rinneaḋ nuair a ḃí na daoine a ṫáinig roiṁe, ⁊ na daoine a ṫáinig ina ḋiaiḋ, ina n-Airí. aċ ḃí sé le rá ar scor ar biṫ, go ndearna sé iarraċt labairt le Muintir na Gaeltaċta agus an scéal a ṁíniú díoḃa. Muna ndearna sé a n-iarraiḋ ar a laġad, ṫug sé aiṫeantas díoḃa, rud naċ dtug aon Aire Gaeltac[ht] ta eile. Agus ba é sin Gearóid [...] gcónaí, ba cuma cé'n áit a gcas[...] taí daoine ón nGaeltaċt air, [...] fáilte aige rompa, agus ḃí s[é] sásta comluadar eile a fágá[il] ċun a ḃeiṫ leo agus labairt le[o].

Ba Gaeilgeoir go fíor é, a ḃí [i] gcónaí réiḋ le seasaṁ don Gae[i]lge agus tá a ṡliocṫ air, be[...] cuiṁne buíoċ ag Gaeilgeoirí a[...] i ngaċ Gaeltaċt, aċ go h-áiṫri[d] insan Iarṫar, i nGaillim, i gCon[...]amara agus i gcaṫair na Gail[...]liṁe, áit a raiḃ sé na ċran[...] taca don Ġaeilge i gcónaí. Bé[...] fear buíoċ dó ,agus béifear a[...] guí go mairfiḋ sé seal fada a[...] glacaḋ an scíṫ atá tuillte g[o] maiṫ aige.

Ardú Páiġe

Ag freagairt ceiste ó P. Ó hÓgáin, T.D., dúirt Aire na Gaeltaċt, gurḃ é an costas bliantúil a ṁeastar a ḃeaḋ i gceist don 9ú ardú tuarastail, ná £35,000 i gcás Gaeltarra Éireann, i leiṫ timpeall 1,700 fostaí, suas le 1,000 díoḃa i ḃfostaíocṫ páirt-aimsire. Ḃeaḋ ardú £2,400 i gcás Aramara Teo., do ṫuairim 43 fostaí.

Níl Gaeltarra ag tógáil tiṫe ósta

Sa Dáil, d'fiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., do Aire na Gaeltaċta, an raiḃ sé i gceist ag Gaeltarra Éireann roinnt tiṫe ósta meán-méid a ṫógáil i gceantair Gaeltaċta, agus má ḃí, an ndéarfaḋ sé cé'n áit a mbeaḋ na tiṫe ósta seo? D'ḟreagair Míċeál Ó Móráin, T.D., Aire Gaeltaċta — Níl aon tairiscint dá leiṫéid sin curṫa faoi na ḃráid ag Gaeltarra Éireann.

Tiṫe Bádaí

Sa Dáil an tseaċtain seo cait[headh] d'fiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill T.D., don Aire Tailte, an dtaḃ[...] arfaḋ sé deontaisí do luċt bád[aí] half-deck, agus bádaí níos lú [...] fá ċoinne tiṫe bád a ṫógáil len[a] gcuid bádaí agus gléasraí [a] stóráil. D'ḟreagair Seoirse [Ó] Colla, T.D., naċ raiḃ fianaise a[r] biṫ aige go raiḃ éileaṁ ar a[...] mar seo.

Ar hIslíoḋ Deontas Gaeltaċta

(Ar lean. ó leath. 1)

AMÁRAĊ seaċtaiṁúil anois féin ós rud é go ḃfuil an mola[...] faoi ḃreiṫniú, féaċaint conu[s] mar is fear a ḃéarfaí éifeaċ[t] don ṁolaḋ fá páipéar seaċtain[...]iúil.

Fiú aṁáin níor h-ardaíoḋ an deontas ainmiúil a tugaḋ do AMÁRAĊ ceiṫre bliana ó ṡin. Cé go ḃfuil trí ardú eile insan deontas foilsiṫeoireaċta tugṫa do Inniu.

Gan deiṁniú fós

D'foilsíomar insan Páipéa[r] seo, tá coicís ó ṡin. do réir eol[ais] as a fuaireamar go mbeaḋ a[n] deontas céanna le fáil a[g] AMÁRAĊ agus ag INNIU, cé g[o] ḃfuil i ḃfad níos mó costaisí a[g] AMÁRAĊ. Ní féidir linn ao[n] dearḃú a ḟáil an ḃfuil an scéa[l] seo fíor anois. Tá na deontais seo dá n-íoc anois ag Roinn n[a] Gaeltaċta, in ionad Roinn a[n] Oideaċais, agus tá ardú [ó] £24,000 go dtí £35,000 ar n[a] deontaisí. aċ go fóill, ní féidi[r] aon eolas d'fáil ar conus mar [a] ḃeiḋ an £35,000 seo roinnte.

Meastaċán

Ċuir AMÁRAĊ meastaċán cu[...]-tasóra ar fáil fá ċoinne brei[s] agus £21,000 mar deontas foilsiṫeoireaċta le páipéar nuaíoċ[...]ta ceart a ċur ar fáil do[n] Ġaeltaċt. Níor h-aḋṁaíoḋ, n[á] níor freagraíoḋ an t-iarrata[s] fós.

TIR NA nOG

COLÁISTE CRÓNA

Ára Mór,
Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Samraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leabair a's ag saoṫrú an léinn,
Ḃí linn ins na bádaí ċuig Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis ġeoḃair spórt agus scléip.

Cursai

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.